RÚN (AE) 2022/1717 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0097/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais, ([1]) gur EUR 17 297 383 a bhí i mbuiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ("an Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú de 7,12 % i gcomparáid le 2019, de bhrí gurb ionann an rátá boilscithe san Aontas agus 0,7 % in 2020; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais, go hiomlán, a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí go ndeir an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt") ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 (an "tuarascáil ón gCúirt") gur soláthraíodh dearbhuithe réasúnacha di go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta beacht agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta is bun leo; de bhrí gur shainaithin an Chúirt EUR 752 654 mar mhéid iomlán na n-íocaíochtaí a mheas sí a bheith neamhrialta, arb ionann é agus 3,71 % de na leithreasuithe iomlána a bhí ar fáil, lena bhfágtar gur tuairim cháilithe atáthar á tabhairt maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di go raibh na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ina siocair le ráta cur chun feidhme 98,83 %, ar ráta é a sháraíonn an sprioc de 95 % a bhí beartaithe ag an nGníomhaireacht, arb ionann é agus laghdú de 0,44 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gurbh é 83,7 % an ráta forghníomhaithe maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arb ionann é agus méadú 0,09 % i gcomparáid le 2019;

2. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt tuairim cháilithe a eisiúint maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais a mhéid a bhaineann leis an toradh ina tuarascáil iniúchóireachta don bhliain airgeadais 2019, inar tháinig an Chúirt ar an tátal go raibh roinnt conarthaí sonracha faoi chreatchonradh le haghaidh seirbhisí TF, go raibh siad neamhrialta, i ngeall nár leanadh aon nós imeachta soláthair iomaíoch; ag tabhairt dá haire go sonrach go raibh ítimí agus seirbhísí ordaithe áirithe nach raibh cumhdaithe faoi na liostaí praghsanna sna tairiscintí a cuireadh isteach ar an gconradh agus gur chinn an Chúirt go ndearnadh íocaíochtaí in 2020 as ítimí nár bhain leis an liosta praghsanna faoin gcreatchonradh sin arbh ionann iad agus EUR 752 654 (3,71 % de na leithreasuithe iomlána a bhí ar fáil i gcomhair íocaíochtaí in 2020); ag tabhairt dá haire, thairis sin, go n-admhaíonn an Chúirt gur ullmhaigh an Ghníomhaireacht plean gníomhaíochta, ag déanamh de réir bharúlacha na Cúirte maidir leis an mbliain airgeadais 2019, agus go ndéanann bainistíocht na Gníomhaireachta faireachán rialta ar a chur chun feidhme;

Feidhmíocht

3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an Ghníomhaireacht leas as bearta áirithe i gcónaí mar eochairtháscairí feidhmíochta chun feidhmíocht a gníomhaíochtaí a mheas; ag tabhairt dá haire, maidir le gach cúram de chuid na Gníomhaireachta, go sanntar leibhéal tosaíochta (criticiúil, tábhachtach etc.), go ndéantar na cuspóirí a leagan síos sa chlár oibre bliantúil agus go ndéantar táscairí feidhmíochta a bhunú; ag tabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di go dtuairiscíonn an Ghníomhaireacht, in ainneoin phaindéim COVID-19, gur baineadh amach cuspóirí chlár oibre 2020 den chuid is mó, cé is moite de roinnt spriocanna a bhaineann le Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2])nár cuireadh i gcrích chomh mór céanna de bharr srianta ar acmhainní daonna;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 245.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO L 326, 8.12.2011, lch. 1).

Beartas foirne

4. ag tabhairt dá haire, an 31 Nollaig 2020, go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 100 %, go raibh ceapacháin déanta i gcás 71 ghníomhaire sealadach as 71 ghníomhaire sealadach arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 67 bpost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire freisin, gur 30 gníomhaire ar conradh agus ceathrar saineolaithe náisiúnta ar iasacht a d'oibrigh don Ghníomhaireacht in 2020 ina raibh 33 phost agus 4 phost faoi seach údaraithe;

5. ag athdhearbhú a himní maidir leis an easpa cothromaíochta inscne i measc ardbhainistíocht na Gníomhaireachta, eadhon bean amháin (16,7 %) agus cúigear fear (83,3 %) sa lucht bainistíochta sinsearaí; ag tabhairt dá haire gur 68 bhfear (67,3 %) agus 33 bhean (32,7 %) an dáileadh inscne i measc na foirne ar an iomlán agus ag spreagadh na Gníomhaireachta bearta a dhéanamh chun cothromaíocht inscne a bhaint amach; ag tabhairt dá haire go bhfuil bord bainistíochta na Gníomhaireachta comhdhéanta de cheathrar fear (44,4 %) agus cúigear ban (55,6 %); ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go gcuirfear san áireamh an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú agus a gcuid comhaltaí á n-ainmniú acu do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta;

6. á chur in iúl gur geal na hiarrachtaí a rinneadh sa bheartas foirne chun teilea-obair agus an saol folláin a chur chun cinn agus ag leanúint den Ghníomhaireacht a spreagadh chun forbairt a dhéanamh ar chreat beartais fadtéarmach maidir le hacmhainní daonna lena dtugtar aghaidh ar chothromaíocht oibre is saoil, ar threoir ar feadh an tsaoil agus ar fhorbairt ghairme, ar chothromaíocht inscne, ar theilea-obair, ar chothromaíocht gheografach agus ar earcaíocht agus ar lánpháirtiú daoine faoi mhíchumais;

7. ag tabhairt dá haire go ndearnadh an Ghníomhaireacht a atheagrú tar éis theacht Stiúrthóir nua na Gníomhaireachta, a raibh mar aidhm leis méadú a dhéanamh ar shineirgí sa Ghníomhaireacht trí bhraislí a chruthú (feabhas sonraí, seirbhís dlí) agus tríd an gcomhar idir an roinn faireachais margaidh agus iompraíochta agus na foirne faireacháin margaidh sna ranna leictreachais agus gáis a fheabhsú a thuilleadh;

8. ag tabhairt dá haire go bhfuil níos mó foirne agus acmhainní ag teastáil ón nGníomhaireacht, go príomha chun a cúraimí a bhaineann le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh ar idirbhearta méadaithe sa mhargadh fuinnimh nach bhfacthas a leithéid cheana;

9. ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta, go ndearna na cumhachtaí breise a deonaíodh don Ghníomhaireacht le blianta beaga anuas méadú freisin ar líon na n-achomharc in aghaidh chinntí na Gníomhaireachta, rud a thug, ar a sheal, méadú as cuimse ar an ngá le tacaíocht dlí chun cinntí na Gníomhaireachta a chosaint; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an gá le tacaíocht dlí leormhaith a léiriú ina struchtúr eagraíochtúil agus soláthar iomchuí foirne a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an t-aistriú ar leithreasuithe i bhfoirm fóirdheontais arb ionann é agus EUR 429 000 chun tacú lena riachtanas tacaíochta dlí, nach bhfacthas a leithéid roimhe seo, chun cinntí na Gníomhaireachta a chosaint; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an riachtanas tacaíochta dlí, a d'fhéadfadh a bheith leanúnach, a léiriú sa nós imeachta maidir le buiséid na Gníomhaireachta amach anseo;

Soláthar

10. ag tabhairt dá haire gur tugadh 185 nós imeachta soláthair i gcrích in 2020, i gcomparáid le 79 in 2019; ag tabhairt dá haire tar éis próiseas ríomhthairisceana a chur chun feidhme in 2019, gur chuir an ghníomhaireacht ríomhaighneacht chun feidhme maidir leis na nósanna imeachta oscailte uile in 2020, lenar leanadh de chur chun feidhme an ríomhsholáthair sa Ghníomhaireacht;

11. ag tabhairt dá haire agus é ina chúis bhuartha di gur eisigh an Chúirt tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais don bhliain airgeadais 2019; ag tabhairt dá haire, maidir leis an mbliain airgeadais 2019, gur tháinig an Chúirt ar an tátal gur ann do roinnt conarthaí sonracha faoi chreatchonradh le haghaidh seirbhísí TF a bhí neamhrialta, i ngeall nár lean an Ghníomhaireacht aon nós imeachta soláthair iomaíoch, agus chun a bheith níos beaichte faoi, go raibh ítimí agus seirbhísí áirithe a ordaíodh nach raibh cumhdaithe faoi na liostaí praghsanna sna tairiscintí a cuireadh isteach ar an gconradh; ag tabhairt dá haire gurbh ionann na híocaíochtaí a rinneadh in 2020 as ítimí nár bhain leis an liosta praghsanna faoin gcreatchonradh sin agus EUR 752 654 (3,71 % de na leithreasuithe iomlána i gcomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil in 2020); ag cur sonrú sna ráitis ó stiúrthóir na Gníomhaireachta san eisteacht um urscaoileadh leis na gníomhaireachtaí an 29 Samhain 2021, agus freagra na Gníomhaireachta ar cheisteanna i scríbhinn gur bhain an cinneadh ón gCúirt le ró-úsáid a bheith á baint as an rogha "ítimí nár bhain leis an liosta praghsanna", agus go bhfuil céimeanna glactha ag an nGníomhaireacht chun nach dtarlóidh sé amach anseo; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisciú don Chúirt agus don údarás um urscaoileadh maidir leis na creatchonarthaí thuasluaite agus maidir leis na bearta a rinneadh;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

12. ag aithint bhearta reatha agus iarrachtaí leanúnacha na Gníomhaireachta chun trédhearcacht, cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa, agus cosaint na sceithirí a áirithiú; ag cur sonrú in iarrachtaí leanúnacha na Gníomhaireachta maidir lena beartas cuimsitheach maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú a chur chun feidhme agus gur lean an Ghníomhaireacht de bheith ag bailiú dearbhuithe leasa bliantúla a foirne bainistíochta, chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha a boird riaracháin, a boird rialálaithe agus a boird achomhairc, agus chathaoirligh agus leaschathaoirligh mheithleacha na Gníomhaireachta agus thionólaithe cruinnithe de thascfhórsaí na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht go ndearnadh na dearbhuithe sin a athbhreithniú i gcomhréir leis an mbeartas agus a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta mar aon le CVanna na ndaoine i gceist agus nár thuairiscigh an Ghníomhaireacht aon choinbhleachtaí leasa féideartha in 2020;

Rialú inmheánach

13. ag tabhairt dá haire go raibh dhá mholadh an-tábhachtach agus ceithre mholadh thábhachtacha mar thoradh ar an iniúchadh a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) ar chur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 in 2020, agus go bhfuil na moltaí á gcur chun feidhme faoi láthair ar bhonn plean gníomhaíochta arna fhormheas ag IAS; ag tabhairt dá haire, ó iniúchtaí a rinneadh roimhe seo, gurb iad sin na hiniúchtaí ar "Shlándáil TF sa Ghníomhaireacht agus slándáil faisnéise i bhfearann REMIT" agus "Bainistiú Acmhainní Daonna" gur dúnadh trí mholadh an-tábhachtach agus ceithre mholadh thábhachtacha in 2020, agus go bhfuil ceithre mholadh thábhachtacha atá fós le cur chun feidhme; ag tabhairt dá haire freisin maidir le dhá mholadh a dhún an Ghníomhaireacht roimhe seo, gur athosclaíodh arís iad, tar éis do IAS a mheas go raibh iarrachtaí neamhleora déanta ag an nGníomhaireacht chun iad a chur chun feidhme, ach gur dúnadh arís iad in 2020; á iarraidh ar an nGníomhaireacht gan moltaí a dhúnadh róluath agus á iarraidh ar IAS leanúint dá obair leantach ar mholtaí dúnta chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad de réir mar atá beartaithe;

14. ag tabhairt dá haire go ndearnadh measúnú riosca in 2020, agus gur plean iniúchóireachta straitéiseach nua ó IAS don Ghníomhaireacht maidir leis an tréimhse 2021 go 2023 a bhí mar thoradh air; á iarraidh ar IAS agus ar an nGníomhaireacht araon faireachán a dhéanamh ar na rioscaí a sainaithníodh agus gníomhartha maolaithe iomchuí a ghlacadh, agus measúnú a dhéanamh ar na bearta a glacadh trí iniúchtaí a dhéanamh ar na rioscaí sainaitheanta;

15. ag cur sonrú sa ráiteas ón nGníomhaireacht ina tuarascáil bhliantúil go ndearna an stiúrthóir a bhí ag dul as oifig na tarmligin agus fo-tharmligin cumhachtaí cur chun feidhme buiséid a shíniú i mí na Samhna 2019 agus nach ndearna an stiúrthóir inteachta iad a aisghairm, agus gur lean siad de bheith bailí dá réir, agus gur athdhearbhaigh stiúrthóir na Gníomhaireachta iad i mí na Nollag 2020; ag tabhairt dá haire áfach chinneadh na Cúirte go ndeachaigh an stiúrthóir nua i mbun oifige an 1 Eanáir 2020 agus an 18 Nollaig 2020 gur eisigh sé dearbhú siarghabhálach tarmligean i gcás beirt bhall foirne, rud a chiallaigh go raibh oibríochtaí á n-údarú ag an mbeirt bhall foirne i gceist ar feadh bliana beagnach a bhí bunaithe ar na tarmligin a d'eisigh an stiúrthóir roimhe sin; ag tabhairt dá haire, agus e ina chúis bhuartha di, gur tháinig an Chúirt ar an tátal gur laige thábhachtach é sin sa rialú inmheánach, agus gur cúis bhuartha di go háirithe nár shainaithin an Ghníomhaireacht féin an laige; á iarraidh ar an nGníomhaireacht measúnú iomchuí a dhéanamh ar a creat rialuithe inmheánacha, i gcomhréir leis an treoir arna soláthar ag Ard-Stiúirthóireacht Buiséid an Choimisiúin Eorpaigh;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

16. ag tabhairt dá haire gur chinn an Ghníomhaireacht, i gcomhréir leis na bearta chun leathadh COVID-19 a shrianadh, dul i muinín an teilea-oibrithe mar ghnáthmhodh oibriúcháin na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht, i gcomhréir lena plean leanúnachais gnó, grúpa bainistíochta leanúnachais a chur ar bun ina raibh daoine ón ardbhainistíocht agus baill foirne a roghnaíodh, ar ghrúpa é a ghlac cinntí agus a sholáthair treoir d'fhoireann na Gníomhaireachta maidir leis na socruithe oibre, bearta sábháilteachta gaolmhara agus saincheisteanna maidir le hacmhainní daonna agus le teicneolaíocht na faisnéise; ag tabhairt dá haire gur chuir an grúpa bainistíochta leanúnachais baill foirne ar an eolas go rialta faoi na bearta a bhí i bhfeidhm sa tSlóivéin freisin, agus gur eolas é nach mbíodh fáil air go furasta i mBéarla i gcónaí;

17. ag tabhairt dá haire go raibh deacrachtaí roimh an nGníomhaireacht maidir le réimeas teilea-oibre a chur i bhfeidhm agus méid sonraí faoi rún, atá ag dul i méid, a láimhseáil le haghaidh shainordú maoirseachta na Gníomhaireachta, ó bhreis is 3 mhilliún taifead arna mbailiú in 2019, go dtí breis is 6.8 milliún taifead ar idirbhearta agus orduithe chun trádála ar meán in aghaidh an lae in 2020; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi na bearta a glacadh chun leanúnachas gnó a áirithiú, agus ceanglais slándála sonraí agus rúndachta sonraí a chomhlíonadh ag an am céanna;

18. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht coigiltis shuntasacha faoi na leithreasuithe a leithdháileadh i gcomhair misean agus ócáidí; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint den choigilteas sin (nó cuid de) i ré iar-dhianghlasála agus bealach nua teilea-oibre a bheidh níos eacnamaíche a léiriú ina chuid nósanna imeachta oibríochtúla;

Barúlacha eile

19. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas slándála agus slándála faisnéise curtha ar bun ag an nGníomhaireacht, mar aon le tacar rialacha maidir le húsáid modhanna TF arna eisiúint ag an bhfoireann TF, chun an beartas slándala agus slándála faisnéise a chur chun feidhme agus i gcomhaontú leis an oifig slándála;

20. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil na Gníomhaireachta a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Ghníomhaireacht leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint ar ais nó ar éigean; ag tarraingt aird ar an ngá atá ann na bearta uile is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint; á iarraidh ar an nGníomhaireacht dlús a chur le forbairt a bheartais cibearshlándála agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas maidir lena thabhairt chun críche;

21. ag tagairt, maidir le barúlacha eile de chineál trasearnálach a ghabhann lena cinneadh um urscaoileadh, dá rún an 4 Bealtaine 2022 ([3]) maidir le feidhmíocht, bainistiú airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.